Foilsithe ag an Lárionad um Fhorbairt agus Oideachas na Luath-Óige
Teach an Gheata,
Coláiste Phádraig,
Droim Conrach,
Baile Átha Cliath 9

Guthán: 353 1 8842110
Facs: 353 1 8842111
Ríomhphost: early.childhood@spd.dcu.ie
Láithreán líonra: www.cecde.ie

ISBN: 0954581520

© 2004 An Lárionad um Fhorbairt agus Oideachas na Luath-Óige

Gach ceart ar cosaint. Ní ceadmhach aon chuid den fhoilseachán seo a atáirgeadh, a chur i gcomhad athfhála nó a tharchur ar aon mhodh nó slí, bíodh sin leictreonach, meicniúil, bunaithe ar fhótachóipeáil, ar thaifeadadh nó eile, gan cead a fháil roimh ré ón bhfoilsitheoir.

Clóite ag Profile Lithoprint Limited

Arna aistriú ag Anne Nolan

Maoinithe ag Rialtas na hÉireann agus cistithe i bpáirt ag
an Aontas Eorpach faoin bPlean Forbartha Náisiúnta 2000-2006

Réamhfhocal

Liz Dunphy, Cathaoirleach an Bhoird Bhainistíochta

Tá áthas orm an chéad "Tuairisc Bhliantúil" don Lárionad um Fhorbairt agus Oideachas na Luath-Óige, i leith na tréimhse chúig mhí déag dar chríoch 31 Nollaig 2003, a chur faoi bhráid.

Leagadh amach cuspóirí áirithe i leith oideachas luath-óige sa Pháipéar Bán 'Ready to Learn' (1999), agus de réir na gcuspóirí seo bhunaigh an tAire Oideachais agus Eolaíochta an Lárionad.
Is é aidhm an Lárionaid oideachas luath-óige a fhorbairt agus a chomhordú agus comhairle a thabhairt ar chúrsaí pholasaí i dtaca le hoideachas luath-óige.

Tá an tuairisc seo ag teacht amach thart ar leathshlí tríd an tionscnamh trí bliana seo. Tugann sé cuntas ar an obair atá déanta acu siúd atá ag obair sa Lárionad agus ar an méid atá siad tar éis a bhaint amach. Táthar tar éis dul chun cinn suntasach a dhéanamh i dtaca le bun-fheidhmeanna an Lárionaid de réir mar a léirítear iad sa Mheamram Comhaontaithe idir Coláiste Phádraig, Droim Conrach, Institiúid Teicneolaíochta Átha Cliath agus an Roinn Oideachais agus Eolaíochta. Gné thábhachtach d'obair an Lárionaid is ea na foilseacháin atá fíor-úsáideach iontu féin, agus cuireann an tuairisc roinnt díobh ar ár súile dúinn. Ina theannta sin, tá féiniúlacht bheoga bainte amach dó fhéin ag an Lárionad. Tá bealaigh éagsúla aimsithe chun comhairle agus cumarsáid a bheith againn le chuile dhuine ata gafa le forbairt agus oideachas na luath-óige.

Is cosúil go mbeidh an bhliain seo romhainn chomh corraitheach agus chomh torthúil céanna. I measc na mór-ócáidí beidh foilsiú na ndoiciméad Iniúchadh ar Sholáthar do Leanaí faoi Mhíbhuntáiste nó Riachtanais Speisialta agus Creatlach Choincheapúil maidir le foghlaim agus fás leanaí in Éirinn. Tionólfar Comhdháil Idirnáisiúnta 'Ceisteanna Ardcháilíochta' i Meán Fómhair.

Deis shuntasach a bheidh ansin chun ceisteanna ardcháilíochta a phlé agus chun comhaontú éigin a bhaint amach ina dtaobh.

Ba mhaith liomsa, mar Chathaoirleach an Bhoird Bhainistíochta faoi láthair, buíochas a ghabháil le mo chomh-bhaill ar an mBord as ucht an mhéid a chuir siad le rialú éifeachtach, freagrach an Lárionaid go nuige seo agus táim ag súil le bheith ag obair leo suas go Meán Fómhair 2005 agus ina dhiaidh sin. Thar ceann ball an Bhoird go léir ba mhaith liom an méid a bhfuil gnóthaithe acu go nuige seo a thréaslú leis an Stiúrthóir agus le foireann an Lárionaid.

Gabhaim buíochas leis an Aire as ucht a thacaíocht leanúnach don Lárionad agus dá oifigigh as ucht a gcaidreamh fiúntach leis an Lárionad.

Clár

Réamhrá		4
Cuspóir 1	creatlach ardcháilíochta a fhorbairt do oideachas luath-óige	6
Cuspóir 2	idirghabhálacha dírithe a fhorbairt	10
Cuspóir 3	an bunsraith a ullmhú don Áisíneacht Luathoideachais Leanaí	13
Amach Anseo		16
Aguisín 1	An Coiste Stiúrtha	18
Aguisín 2	An Bord Bainistíochta	20
Aguisín 3	Baill den Choiste Chomhairleach	22
Aguisín 4	Ráitis Airgeadais 2002 agus 2003	23

Réamhrá

Heino Schonfeld, Stiúrthóir

Tá áthas orm an chéad athamharc ar ghníomhartha agus gnóthaithe an Lárionaid um Fhorbairt agus Oideachas na Luath-Óige (LFOLO) a chur i bhur láthair. Is "léirmheas" é seachas an gnáth-thuairisc bhliantúil ós rud é go gcuimsíonn sé tréimhse dhá bhliana ar a n-áirítear an tréimhse in a raibh an Lárionad dá chur ar bonn sul a sheol an tAire Oideachais agus Eolaíochta, an tUasal Nollaig Ó Diomasaigh T.D. é i nDeireadh Fómhair 2002.

Is tionscadal de chuid na Roinne Oideachais agus Eolaíochta é an LFOLO a shíolraigh as Páipéar Bán an Rialtais *"Ready to Learn"* (1999) agus a bhunaigh Institiúid Teicneolaíochta Átha Cliath agus Coláiste Phádraig, Droim Conrach i gcomhar lena chéile. Tar éis do Chomh-Bhord Bainistíochta a bheith bunaithe, d'fhostaigh an Lárionad a chéad baill foirne i Márta 2002. Bhí an Lárionad ag obair faoi lán seoil faoi Dheireadh Fómhair 2002 agus thosaigh sé ar a chlár fairsing oibre a chur i gcrích.

Is í aidhm an LFOLO (CECDE) oideachas luath-óige a fhorbairt agus a chomhordú de réir na gcuspóirí sa bPáipéar Bán Ready to Learn agus comhairle a chur ar an Roinn Oideachais agus Eolaíochta maidir le ceisteanna polasaí sa réimse seo. Deireann an Páipéar Bán: *"we must recognise that young children have needs for both education and care and that the focus can never be exclusively on either. For very young children, their education and care needs are closely intertwined, and must be met in a unified way."* I gcomhréir leis seo, cuimsíonn tarchur an Lárionaid leanaí ó 0 go 6 bliana d'aois i réimse éagsúil suíomh, ina measc teaghlaigh, naíolanna, creiseanna, grúpaí súgartha, feighlithe leanaí, réamhscoileanna agus ranganna naíonán i mbunscoileanna.

Is iad príomh-**chuspóirí** an Lárionaid:

- Creatlach ardcháilíochta a fhorbairt do oideachas luath-óige;
- Modhanna cabhraithe a fhorbairt ar bhun píolóide a bheidh dírithe go speisialta ar leanaí atá faoi mhíbhuntáiste oideachasúil agus do leanaí le riachtanais speisialta; agus

- Bunsraith a ullmhú do bhunú na hÁisíneachta Oideachais Luath-Óige mar a shamhlaítear sa Pháipéar Bán.

Tá an-áthas orm a rá go bhfuil dul ar aghaidh suntasach déanta againn i dtreo na dtrí chuspóirí seo agus tabharfaidh an léirmheas seo cuntas ar an dul chun cinn go nuige seo agus léireoidh sé cuid dá bhuil gnóthaithe againn ar an slí. Ní dhéanfaí pioc de gan fhoireann íontach, agus tacaíocht dhíograiseach ónár mBord Bainistíochta agus ón gcomhluadar cúram agus oideachas luath-óige i gcoitinne.

Roinnt cur i láthair a rinne baill foirne an LFOLO i 2002/03:

- Roinn Dlí agus Cirt, Comhionannais agus Athchóirithe Dlí, Comhdháil i nGaillimh, 2002
- CBG an IPPA Comhdháil (le Sylda Langford (RDCCAD) Peter Baldwin (ROE) agus Frances Spillane (Oifig na Leanaí) 2002
- Spreagaitheasc Choiste Chúram Leanaí Chondae na Gaillimhe, 2002
- Comh-chathaoir Comhdhála Bliantúla High/Scope, 2003
- Páirtíocht Limistéir Loch Garman, 2003
- Gréasán Chúram Leanaí Chondae Chill Dara, 2003
- Aitheasc Tosaigh ag Seoladh Straitéis Chúram Leanaí Chondae Cheatharlach, 2003
- Aitheasc Tosaigh ag CBG Chumann Múinteoirí (Éire), 2003
- Spreagaitheasc NCNA, Comhdháil Bhliantúil "Assessing Quality", 2003
- "An Overview of Irish Research Pertaining to Early Childhood Education and Care 1990-2003", Comhdháil OMEP, 2003
- Cur i láthair do sholáthróirí chúram leanaí Chondae Chill Mhanntáin, 2003
- Cur i láthair do North/South Early Years Network, 2003
- Cur i láthair don Chomhchoiste Reamscolaiochta Teo, 2003
- Aitheasc Tosaigh do Chomhdháil Choiste Chúram Leanaí Chondae Lughaidh ar ardchaighdeán, 2003
- Cur i láthair, Comhdháil Idirnáisiúnta Step by Step i bPrague, 2003

Cuspóir 1:

… creatlach ardcháilíochta a fhorbairt do oideachas luath-óige …

Is í feidhm lárnach an LFOLO caighdeáin ardcháilíochta náisiúnta i dtaca le gach gné den oideachas luath-óige, ina measc (1) curaclam agus modhanna múinteoireachta (2) fearas agus ábhar, (3) oiliúint agus cáilíochtaí foirne, agus (4) fhorbairt agus fhoghlaim leanaí óga, léirmheas ar thaighde Éireannach agus idirnáisiúnta agus próiseas comhairlithe le tuismitheoirí, cleachtóirí agus leanaí thar réimse éagsúil suíomh (Fig. 1).



rannpháirtíocht tuismitheoirí. Tá sé d'fheidhm againn chomh maith creatlach a fhorbairt chun comhlíonadh na gcaighdeán ardcháilíochta seo a éascú i measc soláthróirí seirbhíse. I gcomhréir le Meamram Comhaontaithe an LFOLO (2001), Clár Oibre (2001), Sceideal Feidhmithe an Chláir Oibre (2003) agus Straitéis Taighde (2003), táimid ag déanamh dul chun cinn chun na feidhmithe seo a chur i gcrích trí 3 mór-shraith oibre: Creatlach Choincheapúil do

- **Creatlach Choincheapúil a oibriú amach d' fhorbairt agus d'fhoghlaim leanaí in Éirinn**

Creidimid gur féidir linn mórán a fhoghlaim i dtaobh na hardcháiliochta i gcúram agus oideachas luath-óige ónár n-eolas breise ar an óige agus ar an gcaoi ina fhásann agus a fhoghlaimíonn sí. Bíodh is go n-admhaíonn an Lárionad go bhfuil mórán scríofa ar an óige agus ar an gcaoi ina fhásann agus a fhoghlaimíonn leanaí, tá sé dá sheoladh céim eile ar aghaidh againn fhéin agus creatlach

choincheapúil dá cumadh againn a léiríonn forbairt agus foghlaim iomlánaíoch do leanaí in Éirinn. Táimid ag amharc ar céard a éascaíonn le forbairt agus foghlaim leanaí i gcoitinne agus beimid dá n-úsáid seo chun moltaí a dhéanamh do sholáthar ardchaighdeánach. Tá an Lárionad ag súil go mbeidh an chreatlach ina bonn daingean teoirice agus fianaise do na caighdeáin ardcháiliochta, agus go gcuirfidh sé téarmaíocht choitianta ar fáil a léireoidh an ardcháiliocht sa gcomhthéacs Éireannach. **Tá dréachtú na creatlaí coincheapúla dulta ar aghaidh go maith agus foilseofar í in earrach 2004 le haghaidh comhairlithe poiblí.**

- **Léirmheas ar pholasaí, cleachtas agus taighde Éireannach agus idirnáisiúnta**

Is mór is féidir linn a fhoghlaim ó na polasaithe, cleachtais agus taighde atá ann cheana fhéin i dtaca le cúram agus oideachas luath-óige. Tá iliomad tionscadal ann ag leibhéal an pholasaí agus an chleachtais in Éirinn ag déileáil le ceist an ardchaighdeáin sa chúram agus oideachas luath-óige. Táimid ag taifeadadh agus ag anailísiú na dtionscadal seo i dtreo is go mbeimid in ann caighdeáin fheabhais a chur ar fáil a chuimseoidh agus a chuirfidh leis an dul chun cinn ata déanta san earnán go nuige seo. D'fhoilsigh an Lárionad **"Iniúchadh ar Thaighde i gCúram agus Oideachas Luath-Óige ó 1990 go 2003" i Meán Fómhair 2003**. Léirigh an t-iniúchadh go bhfuil breis is 1,000 foilseachán bainteacha agus altanna ann ach nach mbaineann ach 59 díobh sin leis an ardchaighdeán. Teastaíonn uainn go mbeadh roinnt taighde Éireannaigh taobh thiar dár gcuid oibre maidir leis an ardchaighdeán agus dá bhrí sin **tá straitéis taighde cumtha agus dá chur i gcrích ag an Lárionad** chun a dheimhniú go dtarlaíonn sé seo.



Bíodh is go n-admhaímid nach féidir ariamh polasaithe, cleachtais agus taighde a aistriú ina n-

iomláine ó chomhthéacs cultúrtha amháin go ceann eile, tá cuidiú an-fhiúntach le tabhairt acu tar éis a n-athrú agus a gcur in oiriúint. Dá bhrí sin tá an Lárionad tar éis léirmheas a choimisiúnú ar pholasaithe, cleachtais agus taighde idirnáisiúnta a dhéileálann le ceist an ardchaighdeáin sa chúram agus oideachas luath-óige. **Beidh tuairisc ar an léirmheas seo críochnaithe faoi dheireadh Márta 2004**. Creidimid go dtabharfaidh sé seo smaointe agus ídéanna cruthaitheacha dúinn maidir le cumadh caighdeán feabhais agus creatlach chun iad a chur i gcrích sa gcomhthéacs Éireannach.

- **Comhairliú**

Dar linn go bhfuil rí-thábhacht ag baint le comhairliú agus gréasánú le réimse leathan na rannpháirtithe sa chúram agus oideachas luath-óige. Admhaímid go bhfuil saibhreas saineolais agus taithí ag na rannpháirtithe seo a chuirfidh le forbairt agus cur i gcrích na gcaighdeán feabhais, má thugtar le chéile iad i mbealach comhordaithe. Creidimid chomh maith go bhfuil sé rí-thábhachtach go mbraitheann na rannpháirtithe seo go bhfuil seilbh acu fhéin ar na caighdeáin fheabhais. Ní fhéadfar na caighdeáin fheabhais a chuirimid ar fáil a chur i gcrích go héifeachtúil mura gcreideann na rannpháirtithe iontu agus mura dtacaíonn siad leo. Táimid dá bhrí sin ag obair i bpáirtíocht leis na rannpháirtithe go léir trí mhodhanna éagsúla:

- **Tá Coiste Comhairleach náisiúnta bunaithe ag an Lárionad** (feic Aguisín 3) atá ionadaitheach do rannpháirtithe san earnán ó chomhlachta rialtais, eagraíochta naisiúnta deonacha go h-institiúidí acadúla agus cumainn tuismitheoirí. Soláthraíonn an coiste seo comhairle agus cabhair dúinn ar ár n-obair ar ardchaighdeán.



Dátaí agus suímh seimineár comhairleach

- **Sheldon Park Hotel**, Kylemore Road, Baile Átha Cliath 10 ar 20 Deireadh Fómhair
- **Rochestown Park Hotel**, Douglas, Corcaigh ar 23 Deireadh Fómhair
- **Galway Bay Hotel**, Salthill, Gaillimh ar 29 Deireadh Fómhair
- **Hillgrove Hotel**, Muineachán ar 24 Samhain
- **Hodson Bay Hotel**, Átha Luain ar 25 Samhain
- **Óstán Cheathrú Rua**, Co. na Gaillimhe ar an 27ú lá de mhí na Samhna

- **D'eagraigh an Lárionad sraith seimineár comhairleach oscailte ar fud na tíre i rith fómhair 2003** le tuismitheoirí, lucht déanta pholasaí, taighdeoirí agus cleachtóirí, ag iarraidh orthu cérbh iad a dtuairimí ar an mbealach is fearr chun ardchaighdeán a shainmhíniú, conas é a mheasúnú agus conas tacú lena chur i gcrích. Tionólfaimid seimineáir den saghas céanna ó am go ham mar is cuí agus chomh maith leis sin óstálfaidh an Lárionad comhdháil idirnáisiúnta i 2004 ar ardchaighdeán sa chúram agus oideachas luath-óige.

- Tá ionadaíocht ag an Lárionad faoi láthair ar roinnt coistí agus bord ag leibhéal pholasaí, cleachtais agus taighde san earnán chúram agus oideachas luath-óige.

- Foilsíonn an Lárionad nuachlitir ráithiúil darb ainm Alanna, suíomh gréasáin a thugann eolas suas chun dáta ar ár ngníomhartha go léir agus tá polasaí againn ár ndoras a choinneáil ar oscailt do chuile dhuine san earnán.

Tríd is tríd, úsáidfimid na 3 sraitheanna oibre thuasluaite agus a dtorthaí go léir mar threoir dhúinn agus sinn **ag cumadh dréacht tosaigh do chaighdeáin fheabhais i bhfómhar 2004**. Beidh na dréacht-chaighdeáin seo ina mbonn do thuilleadh comhairlithe agus díospóireachta ansin.

Cuspóír 2:

...idirghabhálacha dírithe a fhorbairt ...

Tá an chuspóir seo ina chrann taca tábhachtach d'obair an LFOLO. Rachaidh sé i gcion go han-díreach agus go han-dlúth ar chleachtas an chúram agus oideachas luath-óige in Éirinn.

Léirigh an Lárionad ceithre moltaí substaintiúla do idirghabhálacha dírithe agus rinne comhaontú leis an Roinn Oideachais agus Eolaíochta na tionscadail seo a choimisiúnú go luath i 2004.

Is iad na tionscadail:

- *"Ardchaighdeán a Aimsiú: Dearcaithe Iomadúla"*

Is í cuspóir an tionscadail seo tuiscint bhreise a fháil ar an ardchaighdeán sa chomhthéacs Éireannach, agus go háirithe teacht ar dhearcaithe iomadúla ar cad is brí le hardchaighdeán i suímh chúram agus oideachas luath-óige in Éirinn.

- *"Idirghabháil Luath do Leanaí le Riachtanais Speisialta i Suímh Éagsúla"*

Is í cuspóir an tionscadail seo ardchaighdeán idirghabhála a chur ar fáil do leanaí trí bliana d'aois le riachtanais speisialta i suímh éagsúla agus tionchar na n-idirghabhálacha indibhidiúla ar réimsí lárnacha d'fhorbairt na leanaí a thomhas trína ndul chun cinn a mheasúnú agus a thaifeadadh ar bhonn leanúnach.

- *"Clár Forbartha In-Seirbhíse do Mhúinteoirí/Cúntóirí agus Bainistíocht i Réamhscoileanna don Lucht Siúil"*

Is í cuspóir an tionscadail seo clár forbartha in-seirbhíse do mhúinteoirí agus baill na mbord bainistíochta i Réamhscoileanna don Lucht Siúil a fhorbairt agus a chur i gcrích agus cur le saol na leanaí i Réamhscoileanna don Lucht Siúil.

- *"Tionscadal Imeasctha Tosach Luath"*

Is í cuspóir an tionscadail seo sainshamhlacha (specific models) den chleachtas is fearr a fhorbairt i réimsí soiléire gníomhaíochta gur féidir iad a chraobhscaoileadh do na Lárionaid Tosach luath go léir, agus don chomhluadar cúram agus oideachas luath-óige i gcoitinne.

Táthar ag súil go mbeidh na ceithre thionscadal críochnaithe faoi dheireadh Mheán Fómhair 2005 agus go gcuirfear i gcrích i mbealach comhordaithe iad chun an uasmhéid sineirgíochta agus foghlama a bhaint amach. Beidh gaol láidir idir na tionscadail seo agus cuspóirí agus obair an Lárionaid um Fhorbairt agus Oideachas na Luath-Óige.

Ta na tionscadail seo á maoiniú ag an Roinn Oideachais agus Eolaíochta faoin bPlean Forbartha Naisiúnta agus tá siad á riaradh ag an Lárionad um Fhorbairt agus Oideachas na Luath-Óige.
Bíodh is go bhfuil na tionscadail ag díriú go príomhdha ar leanaí atá faoi mhíbhuntáiste nó a bhfuil riachtanais speisialta acu, tá sé tábhachtach a rá go dtiocfaidh eolas as gach tionscadal díobh a mbeidh feidhm uilíoch leis.

Rachaidh an fhianaise agus an t-eolas a thiocfaidh as na tionscadail chun tairbhe don ardchaighdeán sa chúram agus oideachas luath-óige do leanaí na hÉireann *uile*.
Tá na tionscadail dírithe ar an dara chuspóir atá ag an LFOLO sa chéad áit, ach cuideoidh siad chomh maith le cur i gcrích an dá chuspóir eile, forbairt creatlach ardchaighdeáin don oideachas luath-óige agus ullmhú don Áisíneacht Luathoideachais Leanaí.

LFOLO agus Taighde:

- Straitéis trí bliana is ea Straitéis Taighde an LFOLO, a thagann as ár gClár Oibre, na bearnaí sa taighde léirithe inár n-Iniúchadh ar thaighde Éireannach agus ar chomhairliú leis an earnán cúram agus oideachas luath-óige.

- Tá sé i gceist taighde náisiúnta agus idirnáisiúnta atá ann cheana a scrúdú, chomh maith le tabhairt faoi thaighde úr.

- Táimid ag tabhairt faoin taighde úr trí réimse bealach: (1) tá foireann an LFOLO fhéin gafa le taighde, (2) táimid ag maoiniú 4 comhaltacht Ph.D in éineacht le Institiúid Teicneolaíochta Átha Cliath agus Coláiste Phádraig, Droim Conrach, (3) táimid ag coimisiúnú roinnt píosaí oibre faoi leith agus (4) spreagaimid áisíneachta eile chun taighde bainteach a dhéanamh agus tugaimid tacaíocht dóibh nuair is féidir.

- Nuair a chuirfear an straitéis i ngníomh deimhneoidh sin go bhfuil bun fianaise le hobair an LFOLO agus leis an gcreatlach náisiúnta ardchaighdeáin. Beidh sé mar bhuntáiste aige chomh maith go gcuirfidh sé le cumas taighde an earnáin cúram agus oideachas luath-óige.

- Táimid ag craobhscaoileadh torthaí an taighde trí réimse foilseachán agus cur i láthair ag comhdhálacha. Táimid ag úsáid na dtorthaí chun comhrá agus díospóireacht a chur chun cinn agus a éascú agus chun ár n-eolas agus ár dtuiscint ar cad is fearr do leanaí, éagsúil mar atá siad, i suímh luath-óige in Éirinn inniu.

Cuspóir 3:

...an bunsraith a ullmhú don Áisíneacht Luathoideachais Leanaí ...

Dúirt Páipéar Bán an Rialtais *"Ready to Learn" i 1999: "it is proposed to establish and allocate executive functions concerning early childhood education to an independent Early Childhood Education Agency (ECEA)."*

Tugadh an cur síos seo ar fheidhmeanna agus gníomhartha na hÁisíneachta: Feidhmeoidh an ALL mar phríomh-thaca tuismitheoirí agus soláthróirí agus beidh sí freagrach as tascanna feidhmitheacha agus riaracháin, ina measc cigireacht agus measúnú. Bainfidh a príomh-ghníomhartha le cur i gcrích moltaí an Pháipéir Bháin ina measc:

- Bainistíocht an tsoláthair ón Roinn Oideachais agus Eolaíochta do oideachas luath-óige
- Forbairt an mharc Ardchaighdeán Oideachais agus íoschaighdeán gaolmhara
- Tairgeadh ábhar agus forbairt curaclaim
- Taighde, forbairt agus craobhscaoileadh an chleachtais is fearr
- Cigireacht ar sheirbhísí
- Comhairle do sholáthróirí ar conas caighdeán a ardú agus lochtanna sa seirbhís a leigheas
- Forbairt straitéisí agus struchtúr chun rannpháirtíocht tuismitheoirí a chur chun cinn agus cuidiú leo tacú le foghlaim a gcuid leanaí.

(Roinn Oideachais agus Eolaíochta, 1999)

Tá an Lárionad um Fhorbairt agus Oideachas na Luath-Óige tar éis tosnú ar chuid de na gníomhartha molta seo a chur i gcrích. Go háirithe tá dul chun cinn mór déanta maidir le **forbairt ardchaighdeán**. Chomh maith leis sin tá **mór-thionscadal taighde** críochnaithe nó dá riaradh againn chun tacú le forbairt an earnáin trí chéile agus comhairle a sholáthar ar bhonn leanúnach do sholáthróirí trí chur i láthair, suíomh gréasáin www.cecde.ie agus



Cuairteanna so Shuíomh Gréasáin an LFOLO sa mhí

ár nuachtlitir "Alana".

Tá an LFOLO tar éis nósanna imeachta do chomhairliú agus craobhscaoileadh a mhúnlú **ina bpleananna straitéiseacha comhairlithe** agus craobhscaoilte gur féidir leis an Áisíneacht glacadh agus leanúint leo.

Go háirithe, tá **Coiste Comhairleach** (feic Aguisín) bunaithe atá ionadaitheach do réimse leathan rannpháirtithe i gcúram agus oideachas luath-óige in Éirinn.

Tá an LFOLO tar éis **oibriú go dlúth leis na Ranna Rialtais bainteacha go léir** agus páirt mhór comhordaithe a ghlacadh. Ar an sampla is déanaí den obair sin tá cuireadh a tugadh don LFOLO bheith ina bhall de Mheitheal Oibre Ard-Leibhéil um comhordú chúram agus oideachas luath-óige.

Tá **comhairle tugtha ag an LFOLO don Roinn Oideachais agus Eolaíochta ar cheisteanna pholasaí** a bhaineann le hoideachas agus forbairt luath-óige agus tá **aighneachtaí déanta aige do roinnt coistí agus tionscadal** bainteach le hoideachas luath-óige.

Tá ionadaíocht ag an LFOLO ar mhórán **Bord náisiúnta agus réigiúnda, Coistí agus Meitheal Oibre**. Mar shamplaí den pháirt thábhachtach seo tá an Chomhairle Náisiúnta Curaclaim agus Measúnachta, an Coiste Náisiúnta um Chomhordú Cúram Leanaí agus an Grúpa um Athamharc ar Rialacháin Cúram Leanaí (Seirbhísí Réamhscoile).

Chuidigh an Lárionad le hullmhú agus eagarthóireacht Tuairisc ECFE (OECD) ar Oideachas Luath-Óige in Éirinn. Foilseofar an tuairisc tábhachtach seo i 2004. Bhí Stiúrthóir an LFOLO ina bhall de phainéal saineolaí a rinne athamharc ar chúram agus oideachas luath-óige san Ungáir i rith Nollag 2002.

Rinneamar **comhoibriú chomh maith leis an gComhairle Náisiúnta Curaclaim agus Measúnachta maidir le forbairt** a ndoiciméad "Towards a Framework for Learning". Ba bhaill foirne nó baill Bhord an LFOLO ceathrar de na rannpháirtithe ar an Meitheal Oibre Teicniúil a thug an doiciméad chun críche.

Ar feadh ár seal oibre sa thréimhse tuairisce tá **nósanna imeachta agus struchtúir eagraíochta forbartha againn** chomh maith le foireann rí-oilte chun bheith mar chroílár na hÁisíneachta atá ag teacht ar an bhfód. Tá sé rí-thábhachtach go ndéantar an bealach i dtreo na hÁisíneachta Oideachais Luath-Óige a rianú i rith 2004 chun soláthar agus cur i gcrích leanúnach na Creatlach Ardchaighdeáin agus nithe gaolmhara eile a dheimhniú.

Aighneachtaí de chuid an LFOLO i 2002/03:

- Aighneacht d' Aonad Churaclaim agus Forbartha na Roinne Oideachais agus Eolaíochta maidir le cur chun cinn Fhrith-Chiníochais agus Eadarchultúrthacht ag chuile leibhéal den chóras oideachais (Meán Fómhair 2002).
- Aighneacht don Choiste um Mhíbhuntáiste Oideachasúil (Eanáir 2003).
- Aighneacht d'Oifig an Chomhshnaidhmithe Shóisialaigh, an Roinn Gnóthaí Sóisialacha agus Teaghlaigh (Bealtaine 2003)
- Aighneacht do Chomhchoiste an Oireachtais ar an Bhille um Oideachas agus Eolaíocht do Dhaoine faoi Mhíchumas 2003 (Deireadh Fómhair 2003)
- Aighneacht ar an Straitéis Oideachais don Lucht Siúil don Choiste um Mhíbhuntáiste Oideachasúil (Eanáir 2004)

Amach Anseo

Deis is ea léirmheas ar bith ar ghnóthaithe breathnú siar chomh maith le breathnú ar na tascanna agus ar na tarlachaintí atá romhainn amach. Bhí an dá bhliain atá thart torthúil do chúram agus oideachas luath-óige in Éirinn agus ba bhlianta torthúil iad don LFOLO.

Sheol An Taoiseach Bertie Ahern ár *"Iniúchadh ar Thaighde i gCúram agus Oideachas Luath-Óige in Éirinn"* inar athdhearbhaigh sé thar ceann an Rialtais go bhfuil sé tugtha do sheirbhísí luath-oideachais a fhorbairt agus a leathnú.

Chríochnaigh an Lárionad a chéad mór-thionscadal struchtúrtha comhairleach le seacht seimineár ar fud na tíre agus suirbhé ar líne. Ghabh breis is 400 cleachtóirí, tuismitheoirí agus lucht déanta pholasaí páirt iontu agus chuidigh go mór lenár gcuid oibre. Chruthaigh sé seo agus an chéad chruinniú de Choiste Comhairleach an LFOLO ceangal láidir idir an LFOLO agus an uimhir mhór rannpháirtithe sa chúram agus oideachas luath-óige.

Chumamar straitéis chuimsitheach taighde mar thaca le cuspóirí an Lárionaid agus rinneamar roinnt tionscadal tábhachtacha taighde a chur i gcrích nó a choimisiúnú. Ina theannta sin, tá an LFOLO ag maoiniú ceithre chomhaltachta píolóideacha ag ITAC agus Coláiste Phádraig, Droim Conrach.

Aontaíodh roinnt tionscadal piolóideacha dírithe leis an Roinn Oideachais agus Eolaíochta, rud a bhfuil maoiniú nach beag ag gabháil leis d'fhorbairtí san 18 mhí atá ag teacht.

Ag breathnú amach romhainn go 2004, foilseoimid *"De réir Sprice? Iniúchadh ar Sholáthar Seirbhísí atá Dírithe ar an Mhíbhuntáiste agus ar Riachtanais Speisialta i measc Leanaí ó Bhreith go Sé Bliana d'aois in Éirinn"* agus go gearr ina dhiaidh sin rachaimid i gcomhairle leis an bpobal maidir le *"Creatlach Choincheapúil"* d'fhorbairt agus foghlaim leanaí

óga. Cuirfidh an doiciméad seo go mór le dréacht na gcaighdeán feabhais níos déanaí sa bhliain.

I rith na bliana seo chugainn leanfaimid orainn ag láidriú ár gcuid oibre comhairlí leis an earnán cúram agus oideachas luath-óige agus leis an bpobal mór tríd an Coiste Comhairleach agus mórán bealach eile. Beidh sé mar phríomh-aidhm againn dul i dteagmháil níos éifeachtaí le tuismitheoirí.

Mar lár-phointe do 2004 beidh comhdháil idirnáisiúnta i gCaisléan Bhaile Átha Cliath maidir le *"Ceisteanna Ardchaighdeáin"* i gcúram agus oideachas luath-óige. Tionólfar an chomhdháil seo ó 23 Meán Fómhair go 25 Meán Fómhair, 2004.

Tá an comhshaol in Éirinn don chúram agus oideachas luath-óige dúshlánach i gcónaí agus athraithe tapaidh ag teacht air: Táimid ag súil le foilsiú tuairisce ECFE ar an gcúram agus oideachas luath-óige in Éirinn agus chomh maith leis sin don phróiseas comhairleach ar an gcóras oideachais Éireannach a chuir an tAire Oideachais agus Eolaíochta tosach leis.

Tá ainm an LFOLO in airde tar éis tréimhse gearr go leor agus tá muinín agus meas tuillte aige i measc na ndaoine siúd atá gafa le cúram agus oideachas luath-óige. Bainfidh an LFOLO a chuspóirí amach in am tráth agus is maith atá sé suite chun páirt mhór a imirt i múnlú todhchaí an chúram agus oideachas luath-óige in Éirinn.

Aguisín 1:

An Coiste Stiúrtha

Riartar an Lárionad um Fhorbairt agus Oideachas na Luath-Óige faoi stiúradh Choiste Stiúrtha a cheap an tAire Oideachais agus Eolaíochta agus a bhfuil ionadaí den Roinn mar Chathaoirleach air.

Tá freagracht air as a dheimhniú go gcomhlíonann an Lárionad na feidhmeanna a thugtar dó faoi théarmaí an Mheamraim Chomhaontaithe agus tháinig se le chéile 5 uaire i 2003/2004.

Tá sé comhdhéanta de:

- Beirt ionadaí ón ROE
- Beirt ionadaí as Institiúid Teicneolaíochta Átha Cliath, duine díobh ina bhall den Bord Bainistíochta chomh maith
- Beirt ionadaí as Coláiste Phádraig, Droim Conrach, duine díobh ina bhall den Bord Bainistíochta chomh maith
- Saineolaí neamhspleách amháin.

Baill an Choiste

Tá Professor Lesley Abbott ina Ollamh le hOideachas Luath-Óige ag Manchester Metropolitan University. Tá taighde agus foilsiú leathan déanta aici, go háirithe maidir le hardchaighdeán, oiliúint, súgradh, forbairtí idirdhisciplíneacha, agus cúram agus oideachas leanaí níos lú ná trí bliana d'aois. Le déanaí stiúir sí tionscadal náisiúnta chun tacú le chuile cleachtóir ata ag obair le leanaí níos lú ná trí bliana d'aois i Sasana, 'Birth to Three Matters' (DfES/Sure Start 2002).

Tá an Dr John Donovan ina Cheannasaí ar Sheirbhísí Nuála agus Tionsclaíocha i nDámh na nDán Feidhmeach ag ITAC. Bhain John céim amach sa mBithcheimic ar dtús agus chríochnaigh sé PhD sa Gheineolaíocht roimh dó obair thar lear sa Ghearmáin agus san RA. Tar eis dó filleadh ar Éirinn, bhí sé ag obair le Cumann na nEolaithe Taighde Éireannach roimh dó a bheith ceaptha ina Bhainisteoir Seirbhísí Seachtracha le hInstitiúid Teicneolaíochta Luimneach. I 2002 d'fhill sé ar Bhaile Átha Cliath

agus an post atá aige faoi láthair in ITAC.

Tá Nóirín Hayes ina Ceannasaí ar Scoil na nEolaíochtaí Sóisialta agus Staidéar Dlí ag Institiúid Teicneolaíochta Átha Cliath agus is ball den Choiste Bainistíochta í.

Tá Deirdre Lyddy ina Roinn-Chigire agus tá sí ag obair ag an mbun-leibhéal leis an Roinn Oideachais agus Eolaíochta le 24 blian, mar chigire scoileanna agus múinteoirí sa Lár-Iarthar agus i bPort Lairge don chuid is mó. Tá sí suite i Luimneach agus tá sí faoi láthair ag déanamh sainoibre i bhforbairt pholasaí churaclaim maidir le foghlaim luath-óige agus bunoideachais.

Tá an Dr Liam Mac Mathúna ina chéimí de Choláiste Ollscoile Bhaile Átha Cliath sa Léinn Cheilteach agus de Ollscoil Innsbruck sa Teangeolaíocht. Mhúin sé ag Ollscoil Uppsala, sul má ceapadh ina léachtóir sa Ghaeilge é i gColáiste Phádraig, Droim Conrach, áit a bhfuil sé ina Chláraitheoir faoi láthair. Tá foilsithe go leathan aige ar ghnéithe stairiúla den Ghaeilge agus de chultúr na hÉireann, chomh maith le páirt chomhaimseartha na Gaeilge san oideachas agus sa sochaí.

Tá Anne McGough ina Léachtóir san Oideachas Speisialta i gColáiste Phádraig, Droim Conrach agus is ball den Choiste Bainistíochta í.

Tá Breda Naughton ina Príomh-Oifigeach i Lár-Aonad Pholasaí na Roinne Oideachais agus Eolaíochta. Tá Breda ina Cathaoirleach ar an gCoiste Stiúrtha. Tá an Lár-Aonad Pholasaí freagrach as comhoibriú leis an LFOLO ar cheisteanna riaracháin agus pholasaí araon.

Tá Alan Wall ina Phríomh-Oifigeach Cúnta i Lár-Aonad Pholasaí na Roinne Oideachais agus Eolaíochta.

Aguisín 2:

An Bord Bainistíochta

Tá maoirseacht á dhéanamh ar an LFOLO ag Bord Bainistíochta sé bhall, triúr díobh as Coláiste Phádraig, Droim Conrach agus triúr díobh as Institiúid Teicneolaíochta Átha Cliath. Roinntear post an Chathaoirligh ar an dá institiúid, ar bhonn rothlach sé mhí.

Tagann an Bord le chéile gach sé mhí agus tá sé freagrach as obair an Lárionaid agus cur i gcrích leanúnach an chlár oibre, de réir stiúradh Choiste Bainistíochta.

Tionóladh 23 chruinnithe ó bunaíodh an Bord, 12 díobh seo ó Dheireadh Fómhair 2002, nuair a seoladh an Lárionad go hoifigiúil.

Tá dhá Meitheal Oibre bunaithe ag an mBord chun a chuid oibre a luathadh. Déanann an meitheal Oibre Airgeadais moltaí don Bhord Bainistíochta i dtaca le bainistíocht éifeachtach Bhuiséad an Lárionaid, oibleagáidí conartha agus ceisteanna bhainistíocht airgeadais go ginearálta. Bunaíodh Meitheal Oibre Taighde go luath i 2003 chun Straitéis Taighde a dhréachtú. Déanann sé roinnt moltaí chomh maith maidir le taobh an taighde d'obair an Bhoird.

Baill an Bhoird

Léachtóir is ea **Liz Dunphy** san Oideachas Luath-Óige ag Coláiste Phádraig, Droim Conrach. Roimhe sin bhí sí ina bun-mhúinteoir le blianta fada. Is iad a príomh-réimsí suime ná foghlaim agus forbairt mhatamaiticiúil leanaí óga.

Tá **Nóirín Hayes** ina Ceannasaí ar Scoil na nEolaíochtaí Sóisialta agus Staidéar Dlí ag Institiúid Teicneolaíochta Átha Cliath. Tá sí ina Léachtóir sa Luath-Oideachas agus Siceolaíocht Fhorásach agus is iad a príomh-réimsí taighde foghlaim leanaí óga, cearta leanaí agus polasaí luath-oideachais.

Tá **Marie Kennedy** ina hOifigeach Gnóthaí AO/Idirnáisiúnta agus Tionscadal in Institiúid Teicneolaíochta Átha Cliath. Soláthraíonn sí seirbhís taca d'fhoireann ITAC maidir le chuile tionscadal atá maoinithe go seachtrach do Oiliúint, Oideachas agus Taighde, rud a chuimsíonn comhairle agus cúnamh maidir le aimsiú maoine agus bainistíocht

leanúnach tionscadail.

Tá **Anne McGough** ina Léachtóir san Oideachas Speisialta i gColáiste Phádraig, Droim Conrach. Is iad a príomh-réimsí suime ná Forbairt Teanga Leanaí agus Idirghabháil Luath Oideachasúil.

Tá **Máire Mhic Mhathúna ina** Léachtóir sa Luath-Oideachas in Institiúid Teicneolaíochta Átha Cliath agus ceapadh ina ball den Bhord i Samhain 2003 í. Ar a príomh-réimsí suime tá Sealbhú Dara Teanga agus oideachas trí mheán na Gaeilge insna Blianta Luatha.

Bhí **Lorna Ryan** ina bainisteoir ar an Lárionad do Thaighde Sóisialach agus Oideachasúil ag Institiúid Teicneolaíochta Átha Cliath agus bhí sí ina ball den Bhord ó Samhain 2001 go dtí Deireadh Fómhair 2003.

Is é **Martin Ward** Rúnaí/Cisteoir Choláiste Phádraig, Droim Conrach. Is cuntasóir airgeadais é agus taithí mhaith aige ar bheith ag obair san earnán ardoideachais mar bhainisteoir airgeadais.

Aguisín 3:

Baill den Choiste Chomhairleach

1. Ballymun Partnership – Nóirín Coughlan
2. Barnardos – Séan Redmond
3. BCCN – Michelle Hart
4. Childminding Ireland – Patricia Murray
5. Children's Research Centre – Ann-Marie Halpenny
6. Children's Rights Alliance – Mary O'Connor
7. Combat Poverty Agency – Angie Daly
8. Comhchoiste Réamhscolaíochta Teo – Déirdre Uí Ghrádaigh
9. Dept of Education and Science – Alan Wall
10. Dept of Health & Children – Mary Deacy
11. Dept of Justice, Equality and Law Reform – Patrick Murray
12. Dept of Social & Family Affairs – Heber McMahon
13. Disability Federation of Ireland – Toni Gleeson
14. DIT – Maíre Mhic Mhathúna
15. FÁS (Equal Opportunities & Social Inclusion Department) - Mary Beggan
16. FETAC – Angela Lambkin
17. Forum of People with Disabilities – Bethan Collins
18 HETAC – Mary Sheridan
19. High/Scope – Patricia Murphy
20. IATSE – Anita Craig
21. IFA – Frances Coffey
22. IMEB – Helen O'Connor Nolan
23. IMPACT – Sheila Carroll
24. INTO – Deirbhile Nic Craith
25. IPPA – Irene Gunning
26. Irish Steiner Waldorf Early Childhood Association – Pearse O'Shiel
27. Mary Immaculate, Limerick - Nóra Máire Ní Mhurchú
28. NAMHI – Stephen Kealy
29. National Children's Office – Sinéad Hanafin
30. National College of Ireland – Alan Sharkey
31. NCCRI – Kensika Monshengwo
32. National Disability Authority – Erik Koornneef
33. National Federation of Voluntary Bodies – Maria Walls
34. National Forum of Preschool Inspectors – Marie Gleeson
35. National Parents and Siblings Alliance – Seamus Greene
36. National Parents' Council – Primary – Irene Cassidy
37. NCCA – Arlene Forster
38. NCNA – Ashling Hooper
39. OMEP – Ann Fanning
40. Pavee Point – Colette Murray
41. RAPID – Anne Genockey
42. Seirbhísí Naíonra Teo – Mairéad Mac Con Iomaire
43. Southern & Eastern Regional Assembly – Derville Killian
44. St. Nicholas Montessori Society – Bernadette Burns
45. St. Patrick's College – Maura O'Connor
46. Traveller Preschool Teachers Association - Anne Boyle
47. Treoir – Margot Doherty
48. UCC – Mary Horgan

Aguisín 4:

Ráitis Airgeadais 2002 agus 2003

PRICEWATERHOUSECOOPERS

PricewaterhouseCoopers
P.O. Box 1283
George's Quay
Dublin 2
Ireland
Telephone +353 (0) 1 678 9999
Facsimile +353 (0) 1 704 8600
www.pwc.com/ie

St Patrick's College, Drumcondra
EXTRACTS FROM THE ACCOUNTING BOOKS AND RECORDS OF THE EARLY CHILDHOOD - INCOME AND EXPENDITURE ACCOUNT FOR THE YEAR ENDED 31 DECEMBER 2003

	12 months ended 31.12.2003	15 months ended 31.12.2002
INCOME	€	€
Grants	807,590	464,521
Total Income	**807,590**	**464,521**
EXPENDITURE		
CECDE Staff	441,757	175,071
Post doc/doc fellow	12,500	-
OECD background report	-	35,574
Professional fees	15,442	2,662
Advertising	41,883	119,915
Materials	58	1,308
Books	665	566
Stationery	27,002	4,517
Photocopying	114	679
Telephone	5,273	4,992
Subscriptions	838	608
Postage	1,896	518
Attendance at conferences	11,629	2,445
Travel	14,314	4,085
Entertainment	2,004	125
Interviewing expenses	4,598	3,836
Meetings and hospitalities	689	2,244
Consumables	3,967	9,396
Computer Consultancy	20,335	-
Computer equipment	6,157	24,338
Light and heat	1,231	2,651
Rent	40,568	28,516
Security	5,220	-
Contract cleaning	3,984	3,476
Insurance	2,504	-
Management services – DIT and SPD	131,471	32,378
Miscellaneous expenditure	11,491	4,621
Total Expenditure	**807,590**	**464,521**
Surplus for the year	-	-

* The above Statement of Income and Expenditure has been extracted from the books and records maintained by St Patrick's College, Drumcondra.

PricewaterhouseCoopers
March 2004